





Cuideachtaí

A ndualgais agus a gcumhachtaí



Treoir thapa



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Réamhrá

Tháirgeamar an leabhrán eolais seo chun an próiseas a bhaineann le cuideachta a bhainistiú faoi Achtanna na gCuideachtaí a mhíniú.

Céard is cuideachta ann?

Is éard is cuideachta ann ná comhlacht dlíthiúil a chruthaítear chun gnó nó fiontar sóisialta a reáchtáil. Tá sí ann ar leithligh ó na daoine ar leo í agus a dhéanann í a bhainistiú. Féadfaidh cuideachta conarthaí a dhéanamh, maoin a shealbhú, fiacha a bheith aici agus gníomhú go dlíthiúil.

Struchtúr cuideachta

Tá cineálacha éagsúla cuideachta ann lena n-áirítear:

- cuideachtaí teoranta ó thaobh fiachais agus cuideachtaí neamhtheoranta ó thaobh fiachais; agus
- cuideachtaí príobháideacha agus poiblí.

Cuideachtaí dliteanais teoranta agus cuideachtaí dliteanais neamhtheoranta

Tá gach cuideachta freagrach as a bhfiacha. Mura bhfuil cuideachta neamhtheoranta ó thaobh fiachais ábalta a fiacha a íoc, áfach, tá a n-úinéirí (ar a dtugtar comhaltaí) faoi dhliteanas i leith na bhfiach sin uile.

Nuair a theipeann ar chuideachta dliteanais teoranta, ní bhíonn na comhaltaí ach faoi dhliteanas i leith fhiacha na cuideachta arb ionann iad agus suas go dtí an méid airgid a d'aontaigh siad a thabhairt don cuideachta. Mar shampla, má aontaíonn gach comhalta de chuideachta dliteanais teoranta €100 a íoc le haghaidh scaireanna agus gur íoc siad é, ní chaithfidh siad níos mó sin a íoc chun freastal ar fhiacha na cuideachta. Sa chás seo, ní bhfaighidh na daoine a bhfuil airgead ag dul dóibh ón gcuideachta an t-airgead sin go léir.

Mar gheall go bhféadfadh daoine airgead a chailleadh i ndéileálaithe le cuideachtaí dliteanais teoranta, ní mór do chuideachtaí faisnéis iontaofa a nochtadh sa dóigh gur féidir le daoine cinneadh a dhéanamh an dteastaíonn uathu a bheith ag déileáil leo.

Cuideachtaí príobháideacha agus poiblí

Is féidir le cuideachta dliteanais teoranta nó neamhtheoranta a bheith príobháideach nó poiblí.

Is ionann cuideachta phríobháideach agus cuideachta nach ndíolann scaireanna leis an bpobal agus ina bhfuil níos lú ná 100 comhalta. Is é an cineál cuideachta phríobháideach is coitianta in Éirinn ná cuideachta phríobháideach atá faoi theorainn scaireanna. Ní mór an focal 'Teoranta' (nó, i mBéarla 'Limited') a bheith ag an gcuid is mó de chuideachtaí príobháideacha i ndiaidh a n-ainm.

Cuideachta ar bith nach cuideachta phríobháideach í is cuideachta phoiblí í. Caithfidh cuideachta phoiblí faoi theorainn scaireanna 'cuideachta phoiblí teoranta' nó 'cpt' (nó, i mBéarla 'public limited company' nó 'plc') a bheith i ndiaidh a n-ainm. Is féidir léi a scaireanna a thrádáil ar stocmhalartán.

Cuideachta a fhoirmiú

Chun cuideachta a fhoirmiú in Éirinn, ní mór faisnéis agus doiciméid áirithe a chur chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) lena n-áirítear:

- ainm na cuideachta;
- ráiteas go ndéanfaidh an chuideachta gnó in Éirinn;
- seoltaí a láithreach gnó beartaithe agus a hoifige cláraithe;
- fianaise go gcónaíonn stiúrthóir amháin ar a laghad den chuideachta in Éirinn (cé go bhfuil roinnt eisceachtaí ann); agus
- meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais (arb ionann iad le chéile agus bunreacht na cuideachta).

Nuair a chuireann tú an fhaisnéis seo agus táille chuig an CRO, cláróidh an CRO an chuideachta agus cuirfidh siad Deimhniú Corpraithe ar ais chugat. Is féidir leat tuilleadh eolais ar fhoirmiú cuideachta a fháil ag www.cro.ie.

Is féidir leat cuideachta atá ann cheana a cheannach ó ghníomhaí foirmithe cuideachta chomh maith.

Bunreacht Chuideachta

Ní mór cúig phointe a bheith i meabhrán comhlachais (bunreacht) cuideachta:

- ainm na cuideachta;
- a cuspóirí (an fáth ar bunaíodh í);

- cibé acu cuideachta teoranta ó thaobh fiachais nó neamhtheoranta ó thaobh fiachais atá sa chuideachta;
- uaslíon na scaireanna is féidir leis an gcuideachta a eisiúint (ar a dtugtar scairchaipiteal údaraithe na cuideachta); agus
- ráiteas go bhfuil na comhaltaí ag iarraidh an chuideachta a fhoirmiú, maille lena n-ainmneacha agus seoltaí agus an líon scaireanna atá ag gach duine acu.

Is iad na hairteagail chomhlachais rialacha inmheánacha na cuideachta. Leagann siad amach an dóigh ar cheart do chomhlachtaí gníomhú maidir leis an gcuideachta agus lena chéile.

Stiúirthóirí cuideachta

Caithfidh beirt stiúirthóirí ar a laghad a bheith ag cuideachta. Roghnaíonn comhaltaí na cuideachta na stiúirthóirí chun an chuideachta a bhainistiú dóibh. Ní gá gur comhaltaí cuideachta iad na stiúirthóirí.

Rúnaí cuideachta

Ní mór rúnaí cuideachta a bheith ag gach cuideachta, arb é a príomhról cuidiú lena chinntiú go stiúrann an chuideachta an gnó de réir an dlí cuideachtaí.

Dualgais cuideachta

Tá dualgais dhlíthiúla éagsúla ag cuideachtaí lena n-áirítear:

- leabhair chuí chuntas a choinneáil;
- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú;

- an t-iniúchadh bliantúil a eagrú (mura gcinneann an chuideachta gan iniúchadh a dhéanamh);
- cruinnithe bliantúla na cuideachta a eagrú;
- cláir agus faisnéis eile a choinneáil; agus
- doiciméid áirithe a chur chuig an CRO.

Leabhair chúí chuntas a choinneáil

Caithfidh gach cuideachta íocaíochtaí ar bith chuig nó ón gcuideachta, chuig nó óna custaiméirí agus chuig nó óna soláthraithe a thaifeadh mar is ceart. Ba chóir go léireoidh na leabhair seo staid airgeadais na cuideachta go cruinn.

Ráitis airgeadais bhliantúla

Caithfidh cuideachta a ráitis airgeadais a ullmhú gach bliain ag úsáid na faisnéise ina leabhair chuntais agus faisnéis ábhartha eile. Ba chóir go dtabharfadh na ráitis ‘dearcadh fíor agus cothrom’ ar staid airgeadais na cuideachta.

De ghnáth cuimsíonn na ráitis airgeadais:

- cuntas brabúis agus cailteanais a thaifeadann ioncam agus caiteachas na cuideachta agus taispeánann siad an brabús nó cailteanas atá déanta ag an gcuideachta;
- clár comhardaithe a thaispeánann sócmhainní agus dliteanais na cuideachta ag deireadh na bliana; agus
- tuarascáil ón stiúrthóir a chuireann gnó agus feidhmíocht na cuideachta in iúl do chomhaltaí.

Iniúchadh bliantúil

Caithfidh a lán cuideachtaí a ráitis airgeadais a iniúchadh gach bliain. Is ionnann iniúchadh agus tuarascáil ó shaineolaí (iniúcháir) neamhspleách dá chomhaltaí faoi cibé an dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom d'airgead na cuideachta nó nach dtugann agus an dtagann siad lena leabhair chuntais nó nach dtagann.

Cruinnithe ginearálta

Ní mór do gach cuideachta, seachas cuideachta theoranta phríobháideach le comhalta amháin, cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) a thionól. Corruair, b'fhéidir go mbeadh ar chuideachta cruinniú bliantúil urghnách (CGU) a ghairm.

Cláir

Caithfidh gach cuideachta doiciméid áirithe a choinneáil. Áirítear orthu seo cláir dá stiúirthóirí agus dá rúnaithe agus de chomhaltaí uile na cuideachta. Ba chóir go gcuimseodh na cláir sonraí maidir le scaireanna na stiúirthóirí agus rúnaí na cuideachta agus leasanna eile sa chuideachta.

Caithfidh cuideachtaí leabhair mhiontuairisce a choinneáil chomh maith chun an méid a dúradh agus a cinneadh ag cruinnithe ginearálta, cruinnithe boird agus cruinnithe fochoiste a thaifeadh.

Caithfidh gach cuideachta a thugann bintiúr (cineál d'iasacht) taifead de a choinneáil. Ní mór don chuideachta sócmhainní ar bith a thugann sé mar urrús chun iasacht airgid a fháil a thaifeadh.

Nochtadh

Caithfidh cuideachtaí doiciméid áirithe a chur chuig an CRO lena n-áirítear:

- tuairisceán bliantúil na cuideachta ina bhfuil a ráitis airgeadais;
- fógra maidir le hathrú oifige cláraithe, stiúrthóra, rúnaí nó a gcuid sonraí;
- cruthú morgáiste nó muirir ar mhaoin na cuideachta; agus
- meabhrán maidir le sásamh muirir (ráiteas gur íocadh iasacht ar ais).

Is féidir le duine ar bith féachaint ar na doiciméid a chuirtear chuig an CRO.

Cumhachtaí cuideachta

Go ginearálta, tá cuideachta saor chun a gnó (a gcuspóirí) a sonraítear ina meabhrán comhlachais a fheidhmiú.

Conclúid

Tá leabhrán eolais níos mionsonraithe ar chuideachta ar fáil faoin bhFógra Cinnidh D/2002/1 ó www.osfc.ie

Má tá amhras ar bith ort faoi nósanna imeachta cuideachtaí agus cad ba cheart duit déanamh faoin dlí, ba chóir duit comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil.

Nótaí



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:



Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1, Éire



01 858 5800
Loghlao 1890 315 015



01 858 5801



info@odce.ie



www.osfc.ie